C/2026/5781

5.11.2026

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(3) i gcomhar le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/5781)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír nós imeachta freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún ([1]), i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

IARRATAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

'Felső-Magyarország / Felső-Magyarországi'

PGI-HU-A1329-AM02

Dáta an iarratais: 15.10.2016

1. **Cineál an leasaithe**

Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

2. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Ungáir

3. **Iarratasóir agus leas dlisteanach**

Comhairle na bPobal Fíona i Réigiún Fíona Eger

4. **Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna leis**

1. *Cuireadh réigiún fíona iomlán Mátra leis an limistéar geografach.*

Réasúnú: Ba cheart an limistéar geografach a leathnú toisc go bhfuil dálaí ithreach agus aeráide sna limistéir a ndéanann an leasú difear dóibh atá mar an gcéanna, nó an-chosúil, le dálaí ithreach agus aeráide an limistéir gheografaigh shainithe agus, dá bhrí sin, atá an-oiriúnach do chóras táirgthe TGFC Felső-Magyarország / Felső-Magyarországi.

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal IV. Limistéar geografach sainithe (pointe 6 den doiciméad aonair)

2. *Catagóir táirge fíona leathshúilínigh aeraithe a chur leis*

Réasúnú: Tá fíonta leathshúilíneacha aeraithe á ndéanamh ag táirgeoirí fíona le blianta fada anois mar fhreagairt ar éileamh athraitheach an mhargaidh. Ba cheart, dá bhrí sin, na fíonta sin a chur le sonraíocht táirge TGFC Felső-Magyarország. Mar thoradh ar an dul chun cinn sa teicneolaíocht, is féidir cáilíocht atá ag éirí níos fearr a bhaint amach, rud a fhágann go bhfuil méadú tagtha ar an éileamh agus ar an táirgeadh. Is féidir fíonta TGFC Felső-Magyarország den scoth a úsáid freisin chun táirgí aonchineálacha ardcháilíochta a dhéanamh atá i gcomhréir leis an tsonraíocht. I gcás ina gcuirtear ar an margadh fíonta leathshúilíneacha aeraithe a tháirgtear go háitiúil a bhfuil TGFC Felső-Magyarország acu, cuidíonn sé le fíonta ardcháilíochta TGFC Felső-Magyarország a chur chun cinn.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal II. Tuairisc ar na fíonta (pointe 4 den doiciméad aonair)

Ceannteideal III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha (pointe 5.1 den doiciméad aonair)

Ceannteideal V. Uastáirgeachtaí (pointe 5.2 den doiciméad aonair)

Ceannteideal VI. Príomhchineál (príomhchineálacha) fíniúna (pointe 7 den doiciméad aonair)

Ceannteideal VII. Nasc leis an limistéar geografach (pointe 8 den doiciméad aonair)

Ceannteideal VIII. Coinníollacha breise (pointe 9 den doiciméad aonair)

3. *Catagóir táirgí fíona leathshúilínigh a chur leis*

Réasúnú: Tá fíonta leathshúilíneacha á ndéanamh ag táirgeoirí fíona le blianta fada anuas mar fhreagairt ar éileamh athraitheach an mhargaidh. Ba cheart, dá bhrí sin, na fíonta sin a chur le sonraíocht táirge TGFC Felső-Magyarország. Mar thoradh ar an dul chun cinn sa teicneolaíocht, is féidir cáilíocht mhaith a bhaint amach atá ag éirí níos fearr i rith an ama, rud a fhágann go bhfuil méadú tagtha ar an éileamh agus ar an táirgeadh. Is féidir fíonta TGFC Felső-Magyarország den scoth a úsáid freisin chun táirgí aonchineálacha ardcháilíochta a dhéanamh atá i gcomhréir leis an tsonraíocht. I gcás ina gcuirtear ar an margadh fíonta leathshúilíneacha a tháirgtear go háitiúil a bhfuil TGFC Felső-Magyarország acu, cuidíonn sé le fíonta ardcháilíochta TGFC Felső-Magyarország a chur chun cinn.

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal II. Tuairisc ar na fíonta (pointe 4 den doiciméad aonair)

Ceannteideal III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha (pointe 5.1 den doiciméad aonair)

Ceannteideal V. Uastáirgeachtaí (pointe 5.2 den doiciméad aonair)

Ceannteideal VI. Príomhchineál (príomhchineálacha) fíniúna (pointe 7 den doiciméad aonair)

Ceannteideal VII. Nasc leis an limistéar geografach (pointe 8 den doiciméad aonair)

Ceannteideal VIII. Coinníollacha breise (pointe 9 den doiciméad aonair)

4. *Catagóir táirge fíona shúilínigh a chur leis*

Réasúnú: Ba cheart catagóir an táirge fíona shúilínigh a chur leis toisc go bhfuil stair ag táirgeadh fíona shúilínigh agus ag soláthar amhábhair le haghaidh fíon súilíneach i limistéar táirgthe TGFC Felső-Magyarország leis na scórtha bliain anuas. Le struchtúr aigéid den scoth na bhfíonchaora a fhástar sa limistéar críochaithe agus le saintréith an limistéir táirgeachta, soláthraítear amhábhar oiriúnach chun fíon súilíneach a tháirgeadh, rud a léirítear le taithí na ngairmithe a bhfuil cur amach acu ar an limistéar táirgthe.

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal II. Tuairisc ar na fíonta (pointe 4 den doiciméad aonair)

Ceannteideal III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha (pointe 5.1 den doiciméad aonair)

Ceannteideal V. Uastáirgeachtaí (pointe 5.2 den doiciméad aonair)

Ceannteideal VI. Príomhchineál (príomhchineálacha) fíniúna (pointe 7 den doiciméad aonair)

Ceannteideal VII. Nasc leis an limistéar geografach (pointe 8 den doiciméad aonair)

Ceannteideal VIII. Coinníollacha breise (pointe 9 den doiciméad aonair)

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Felső-Magyarország / Felső-Magyarországi

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC – Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

(1) Fíon

(4) Fíon súilíneach

(8) Fíon leathshúilíneach

(9) Fíon leathshúilíneach aeraithe

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon – Muskotály [Muscfhíon]*

Fíon geal bríomhar úr, a bhfuil dea-bholadh agus blas sainiúil muscfhíona air. Fíon tirim, fíon leath-thirim, fíon leathmhilis nó fíon milis.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— 1. Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— 2. Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9.5

— 3. Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— 4. Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— 5. Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíon – Siller*

Fíon tirim, níos tathagaí agus aigéadach, déanta as fíonchaora dearga, dath dearg níos láidre go dath éadrom an rúibín, le blasanna torthaíocha agus spíosracha inbhraite ina dhea-bholadh agus ina bhlas araon.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9.5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *Fíon* – Rosé

Déanta as fíonchaora dearga, agus dath air atá idir dath chraiceann an oinniúin go bándearg láidir, lena mbaineann bolaithe agus blasanna beoga torthaí úra agus, i roinnt cásanna, dea-bholaithe bláthacha; fíon spleodrach ina bhfuil aigéid éadroma spraiúla; tirim, leath-thirim, leathmhilis nó milis.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9.5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. *Fíon – Geal*

Bíonn an dath idir glasbhán agus buí éadrom na tuí. Is é an dath a bhíonn ar na fíonta cineáil dath ar saintréith den chineál a úsáidtear agus bíonn siad beoga agus úr atá lena mbaineann iarbhlas fada agus blasanna agus cumhrachtaí torthaíocha agus eile. Is féidir an fíon geal a tháirgeadh mar fhíon tirim, leath-thirim, leath-mhilis nó milis.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9.5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. *Fíon – Dearg*

Dath níos láidre ar dhath an rúibín go dath dorcha an rúibín; bíonn dathanna, dea-bholaithe agus blasanna na gcineálacha a úsáidtear le brath ar fhíonta cineáil, mar aon le haigéid maothlacha. Tá cion tainnin sna fíonta cumaisc a léiríonn cion coibhneasta na gcineálacha a úsáidtear agus tá blas mín orthu agus tathag iontu; Bíonn dea-bholadh torthaí agus spíosraí ar na fíonta seo agus bíonn siad idir tirim agus milis.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9.5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

6. *Fíon súilíneach – Geal*

Athraíonn a dhath ó dhath éadrom an airgid go buí órga. Bíonn a dhea-bholadh torthaíoch agus úr, saintreith den chineál fíniúna. Bíonn blasanna úra, briosca agus torthaíocha mar shaintréith aige, agus tá struchtúr aigéid aibí chun tosaigh sa bhlas.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 4.6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

7. *Fíon súilíneach* – Rosé

Tá réimse dathanna air idir dath éadrom chraiceann an oinniúin agus imir chorcra lonrach; torthaíoch, lena mbaineann carachtar bríomhar, úr. Léiríonn a dhea-bholadh torthaíocht dhian a bhaineann go sonrach le torthaí dearga, a leanann ar aghaidh sa bhlas.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 4.6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

8. *Fíon súilíneach – Dearg*

Dath níos láidre ar dhath an rúibín, lena mbaineann tón de dhath dorcha an rúibín. Bíonn bolaithe torthaí foraoise go háirithe mar shaintréith dá dhea-bholadh. Chomh maith le struchtúr aigéid aibí a bheith aige, tá blas mín agus dea-bholaithe torthaíocha ar an bhfíon.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 4.6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

9. *Fíon leathshúilíneach – Geal*

Athraíonn a dhath ó ghlasbhán go buí órga; bíonn boladh torthaíoch air i gcónaí, agus é úr agus tá cion aigéid galánta ann. Sa bhéal, chomh maith le torthaíocht, d'fhéadfadh coipeadh tánaisteach – mar is amhlaidh le táirgeadh fíona shúilínigh – dea-bholaithe agus blasanna galánta, casta a tháirgeadh sna fíonta leathshúilíneacha.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

10. *Fíon leathshúilíneach* – Rosé

Athraíonn a dhath ó dhath éadrom chraiceann an oinniúin go dearg éadrom. Bíonn dea-bholadh galánta air a chuireann sméara dubha agus sútha craobh i gcuimhne. Sa bhéal, chomh maith le torthaíocht, d'fhéadfadh coipeadh tánaisteach – mar is amhlaidh le táirgeadh fíona shúilínigh – dea-bholaithe agus blasanna galánta, casta a tháirgeadh sna fíonta leathshúilíneacha.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

11. *Fíon leathshúilíneach — Dearg*

Dath níos láidre ar dhath an rúibín, lena mbaineann tón de dhath dorcha an rúibín.

Bíonn blasanna torthaíocha agus spíosracha inbhraite ina dhea-bholadh agus ina bhlas mín araon, agus tá baint ag a aigéid le tainniní aibí galánta. Féadfaidh coipeadh tánaisteach – mar is amhlaidh le táirgeadh fíona shúilínigh – dea-bholaithe agus blasanna galánta, casta a tháirgeadh sna fíonta leathshúilíneacha.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

12. *Fíon leathshúilíneach aeraithe – Geal*

Athraíonn a dhath ó ghlasbhán go buí órga. Bíonn boladh torthaíoch air, agus bíonn sé úr agus tá cion aigéid galánta ann. Cuireann an dé-ocsaíd charbóin thuaslagtha atá curtha leis go mór le cumhracht agus le blasanna an fhíona.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

13. *Fíon leathshúilíneach aeraithe* – Rosé

Bíonn dath idir dath éadrom chraiceann an oinniúin agus dearg éadrom ar na fíonta. Bíonn siad torthaíoch, agus bíonn saintréith bhríomhar úr iontu. Cuireann an dé-ocsaíd charbóin thuaslagtha atá curtha leis go mór le cumhracht agus le blasanna an fhíona.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

14. *Fíon leathshúilíneach aeraithe – Dearg*

Dath níos láidre ar dhath an rúibín, lena mbaineann tón de dhath dorcha an rúibín. Bíonn blas mín agus dea-bholaithe torthaíocha ar na fíonta dearga sin. Treisítear cumhráin agus blasanna an fhíona trí dhé-ocsaíd charbóin a chur leis.

Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtais fhíoneolaíocha shainordaitheacha

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

(1) Muskotály [Muscfhíon]:

— ní mór na fíonchaora a phróiseáil lá a mbuana;

— ní fhéadfar an brú a dhéanamh ach amháin i gcantaoirí baisce;

— ní mór an t-úrfhíon fíonchaor a íonú;

— rialacha maidir le cumasc: ní mór gurb iad na cineálacha Cserszegi fűszeres, Irsai Olivér, Ottonel muskotály, Sárga muskotály, Csaba gyöngye, Hamburgi muskotály, Zefír nó Mátrai muskotály 85 % ar a laghad den fhíon, i gcomhpháirt lena chéile nó astu féin.

(2) Siller:

— ní mór laíon na bhfíonchaor a choipeadh ar na craicne;

— ní fhéadfar an brú a dhéanamh ach amháin i gcantaoirí baisce.

(3) *Rosé:*

— ní mór na fíonchaora a phróiseáil lá a mbuana;

— ní fhéadfar an brú a dhéanamh ach amháin i gcantaoirí baisce;

— ní mór an t-úrfhíon fíonchaor a íonú.

(4) Geal:

— ní mór na fíonchaora a phróiseáil lá a mbuana;

— ní fhéadfar an brú a dhéanamh ach amháin i gcantaoirí baisce;

— ní mór an t-úrfhíon fíonchaor a íonú.

(5) Dearg:

— ní fhéadfar an brú a dhéanamh ach amháin i gcantaoirí baisce.

2. Cleachtais fhíoneolaíocha thoirmiscthe

—

3. Modh saothraithe, dlús plandaithe

Cleachtas saothraithe

(1) Modh saothraithe fíniúnacha agus an spásáil eatarthu
Rialacha maidir leis na fíniúnacha a threorú:

— Maidir le fíonghoirt atá ann cheana: i gcás fíonchaora a oireann d'fhíon a dhéanamh faoi TGFC, féadfar iad a bhuain ó aon fhíonghort beag beann ar an modh saothraithe a fhad agus a bheidh an fíonghort fós i mbun oibríochta.

— Maidir le fíonghoirt nua: Guyot, tródam ard, tródam meán-ard, tródam íseal, scáthphrúnáil, prúnáil ar ísealghéaga, scáthphrúnáil, prúnáil brait aonair, feanphrúnáil, ceannphrúnáil agus cuachphrúnáil.

Rialacha maidir le dlús fíniúnacha san fhíonghort:

— Maidir le fíonghoirt atá ann cheana: i gcás fíonchaora a oireann d'fhíon a dhéanamh faoi TGFC, féadfar iad a bhuain ó aon fhíonghort beag beann ar an dlús plandaithe a fhad agus a bheidh an fíonghort fós i mbun oibríochta.

— Maidir le fíonghoirt nua:

— dlús fíniúnacha 3 300 fíniúin/ha ar a laghad.

(2) Modh buana: de lámh nó go meicniúil

(3) Dáta na buana a shocrú: ní shonraítear dáta i leith na buana is luaithe

4. Íosmhéid siúcra nádúrtha na bhfíonchaor

Cleachtas saothraithe

Íosmhéid siúcra na bhfíonchaor buainte (arna shloinneadh de réir ghrád úrfhíona na hUngáire (MM) ag 17,5 °C agus neart alcóil féideartha íosta ag 20 °C):

— fíon: 8,0 % de réir toirte (13,4 °MM)

— fíon súilíneach: 8,0 % de réir toirte (13,4 °MM)

— fíon leathshúilíneach: 8,0 % de réir toirte (13,4 °MM)

— fíon leathshúilíneach aeraithe: 8,0 % de réir toirte (13,4 °MM)

5.2. *Uastáirgeacht*

(1) Fíon
160 hl/ha

(2) Fíon
21 000 kg d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

(3) Fíon súilíneach
160 hl/ha

(4) Fíon súilíneach
21 000 kg d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

(5) Fíon leathshúilíneach
160 hl/ha

(6) Fíon leathshúilíneach
21 000 kg d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

(7) Fíon leathshúilíneach aeraithe
160 hl/ha

(8) Fíon leathshúilíneach aeraithe
21 000 kg d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach sainithe**

Contaetha Borsod-Abaúj-Zemplén, Heves agus Nógrád, Búdaipeist-Rákosliget, agus limistéir bhardais Kerepes, Kisnémedi, Mogyoród, Őrbottyán, Szada, Vác, Vácegres, Vácrátót agus Veresegyház i gcontae Pest a aicmítear mar Aicme I nó II de réir chadastar an fhíonghoirt.

7. **Príomhchineál/príomhchineálacha finiúna**

— alibernet

— bianca

— blauburger

— bouvier

— bíbor kadarka

— cabernet dorsa

— cabernet franc — kaberne fran

— cabernet sauvignon

— chardonnay — ronci bilé

— chasselas — chrupka belia

— csabagyöngye — pearl of csaba

— cserszegi fűszeres

— csókaszőlő

— ezerfürtű

— furmint — furmint bianco

— gyöngyrizling

— hamburgi muskotály — muszkat gamburgszkij

— hárslevelű — garszleveljü

— irsai olivér — zolotisztüj rannüj

— juhfark — lämmerschwantz

— kabar

— kadarka — negru moale

— kerner

— királyleányka — little princess

— kármin

— kékfrankos — moravka

— kékoportó — portugais bleu

— kövérszőlő — grasa de cotnari

— leányka — feteasca alba

— medina

— menoire

— merlot

— mátrai muskotály

— mézes

— nero

— olasz rizling — olaszrizling

— ottonel muskotály — miszket otonel

— pinot blanc — pinot beluj

— pinot noir — spätburgunder

— rajnai rizling — rheinriesling

— rizlingszilváni — rivaner

— sauvignon — sauvignon blanc

— semillon — petit semillon

— syrah — sirac

— szürkebarát — graumönch

— sárga muskotály — weisser

— tramini — gewürtztraminer

— turán

— viognier

— zalagyöngye

— zefír

— zengő

— zenit

— zweigelt — blauer zweigeltrebe

— zéta

— zöld szilváni — silvanec zeleni

— zöld veltelíni — zöldveltelíni

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Fíon*

Tuairisc ar an limistéar críochaithe

Tá an réigiún suite mar a bhuaileann sliabhraonta Zemplén, Mátra agus Bükk agus cnoic Gödöllő leis an Machaire Mór, ag airde idir 160 agus 180 méadar os cionn leibhéal na farraige. San oirthear agus san iarthar tá cnoic ann idir 200 méadar agus 300 méadar ar airde.

Cineálacha ithreach i limistéar geografach sainithe Felső-Magyarország

Is iad ithreacha limistéar táirgeachta an táisc gheografaigh lós cailcreach, cineálacha éagsúla ithreach foraoise donna (ithir Ramann, Sheornaiseoim, bhandáilte, dhíghrádaithe) a dhíorthaítear ó thuf riailíte, ó thuf daicíte agus ó aindéisít de thionscnamh bolcánach, chomh maith le lós, ithreacha *nyirok* agus ithreacha foraoise donna a fhoirmítear ar thuf riailíte. Ach amháin i gcás roinnt eisceachtaí, tá na fíonghoirt suite ar ardchláir nó ar a bhfánaí réidhe a bhfuil a n-aghaidh ó dheas, siar agus soir. Is astu sin a thagann ithir dhonn na foraoise chun cinn a fhoirmítear ar dhríodar aolchloiche muirí. I roinnt áiteanna, ar mhánna gláracha aibhneacha, foirmítear ithir ghainmheach ghlárach.

Is saintréithe sonraí meitéareolaíocha den limistéar críochaithe iad na nithe seo a leanas, a mheánaítear thar thréimhse 47 mbliana: meánteocht bhliantúil: 10.65 °C; meánfhrasaíocht bhliantúil: 592.6 mm; meánuaireanta an chloig gréine bliantúla: 1 964 uair an chloig.

Rinneadh na siléir sa limistéar geografach a thochailt i lós agus tuf riailíte atá éasca a tholladh amach agus (mar gheall ar bhalcadh luatha tar éis na tréimhse ina raibh na sléibhte sin gníomhach go bolcánach) atá ina n-ithir thar a bheith ardfheidhmíochta.

Nasc idir an limistéar táirgeachta agus an táirge

Tá tionchar thar aon ní eile ag a chóngaraí atá an réigiún do chnoic Gödöllő agus Sléibhte Thuaisceart na hUngáire ar dhálaí aeráide ginearálta réigiún 'Felső-Magyarország'. Tugann siad seo cosaint ó shioc an gheimhridh, agus áirithítear mar thoradh ar na hoícheanta fionnuara a eascraíonn as 'gaoth an tsléibhe' tar éis laethanta teo an tsamhraidh agus an fhómhair go gcoimeádann na fíonchaora aigéadacht ghalánta agus mhaorga agus a ndea-bholaithe torthaíocha príomhúla. Leis an tíreolaíocht agus an aeráid tugtar aigéadacht bhríomhar agus iarbhlas fada do na fíonta a tháirgtear sa limistéar sin. Bíonn cion réasúnta íseal tainnine sna fíonta dearga.

Mar gheall ar chomhdhéanamh éagsúil na hithreach, tá na fíonta an-éagsúil freisin. Tugtar le hithir bholcánach mianracht lag don fhíon; tugtar le hithir aolchloiche meascán leathan aigéad dó; agus tá fíonta aramatacha faoi bhlas muscfhíona mar thoradh ar ithir lóis.

Tá fíonta geala réigiún 'Felső-Magyarország' éadrom agus iarbhlas fada orthu, nó tá siad dlúth, tathagach agus saibhir, tá próifíl bhlais leathan ag na fíonta *rosé* agus siller, agus tá na fíonta dearga níos éadroime nó níos tathagaí, oiriúnach d'aosú níos faide nó a éilíonn aosú níos faide.

Is é an toradh atá ar chomhdhéanamh éagsúil na hithreach fíonta a bhfuil éagsúlacht leathan blasanna acu. Tugtar le hithir bholcánach mianracht lag don fhíon; tugtar le hithir aolchloiche meascán leathan aigéad dó; agus tá fíonta aramatacha faoi bhlas muscfhíona mar thoradh ar ithir lóis.

Is bunús den scoth iad na fíonta uile a tháirgtear sa limistéar chun fíonta leathshúilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha aeraithe a tháirgeadh.

8.2. *Fíon súilíneach*

Tuairisc ar an limistéar críochaithe

Is mar an gcéanna iad an tuairisc ar an limistéar críochaithe agus an tuairisc faoin gcatagóir fíona thuas. Maidir leis an bhfíon súilíneach, tá an nasc leis an limistéar geografach bunaithe go háirithe ar dhálaí aeráide an limistéir, ar thionchar ghaotha na sléibhte agus na ngleannta, ar chaomhnú aigéad agus ar thraidisiúin áitiúla tháirgeadh an fhíona shúilínigh.

Nasc idir an limistéar táirgeachta agus an táirge

I réigiún fíona 'Felső-Magyarország', téann an traidisiún a bhaineann le fíon súilíneach a dhéanamh i bhfíonlanna ceardaíochta mionscála siar roinnt deacáidí. Ráthaítear le cáilíocht na bhfíonchaora agus le faireachán leanúnach na dtáirgeoirí go bhfuil fíonta súilíneacha a tháirgtear i mblianta fíona níos laige ar cháilíocht eisceachtúil freisin. Aithníonn speisialtóirí atá ar an eolas go maith faoi acmhainneacht an limistéir táirgeachta áitiúil freisin go n-áirithítear le cáilíocht na bhfíonchaor go bhfuil amhábhar thar a bheith maith ann chun fíon súilíneach a tháirgeadh. Is le blianta fada anois atá úsáid á baint ag ceann de na fíonlanna fíona shúilínigh is cáiliúla san Ungáir as fíonchaora a tháirgtear i réigiún fíona 'Felső-Magyarország' mar gheall ar na fíonta súilíneacha den scoth agus cáiliúla atá ann.

Mar gheall ar ghaireacht na gcnoc agus na sléibhte, is príomhthoisc í an ghaoth a éiríonn i rith an lae ó na sléibhte agus ó na gleannta san aigéadacht ard intoirtmheasctha atá chomh tábhachtach sin i dtáirgeadh fíona shúilínigh. Mar thoradh air sin, bíonn níos lú aigéadachta dóite le linn laethanta teo sa samhradh agus go luath san fhómhar. Tá ról tábhachtach ag cion cré na hithreach freisin, ós rud é go gciallaíonn acmhainneacht mhaith coinneála uisce na hithreach go soláthraítear na fíniúnacha go maith le huisce fiú le linn laethanta teo an tsamhraidh. Dá bhrí sin, fiú i mblianta fíona níos tirime, bíonn forbairt fíonchaor leanúnach agus saor ó fhachtóirí struis, agus ní léirítear bolaithe plandúla dreoite ná aigéid amha neamhaibí san fhíon súilíneach. I réigiún fíona 'Felső-Magyarország', tá raon leathan cineálacha ar fáil ónar féidir fíon súilíneach a tháirgeadh, rud a áirithíonn gur féidir fíonta súilíneacha bríomhara, úra agus torthaíocha a bhfuil aigéid bhriosca agus iarbhlas fada acu a dhéanamh gach bliain. Is saintréith d'fhíonta súilíneacha 'Felső-Magyarország', gan beann ar an dath, blas dian agus torthaíocht chasta. Tugtar le dea-bholadh torthaíoch agus struchtúr aigéid aibí úire do na fíonta súilíneacha a tháirgtear sa réigiún.

8.3. *Fíon leathshúilíneach*

Tuairisc ar an limistéar críochaithe

Is mar an gcéanna iad an tuairisc ar an limistéar críochaithe agus an tuairisc faoin gcatagóir fíona thuas. Maidir leis an bhfíon leathshúilíneach, tá an nasc leis an limistéar geografach bunaithe go háirithe ar fheiniméan nádúrtha ar a dtugtar feothain sléibhe, ar fhorbairt comhdhéanaimh aigéid éadroim agus chomhchuí agus ar chaomhnú na bpríomh-dhea-bholaithe torthaíocha.

Nasc idir an limistéar táirgeachta agus an táirge

Áirithítear leis an bhfeiniméan 'feothan sléibhe' a luadh níos luaithe go bhfuil comhdhéanamh aigéid éadrom agus comhchuí ag na cineálacha fíniúna a fhástar sa limistéar agus go gcoinníonn siad a bpríomh-dhea-bholaithe torthaíocha. Is féidir úire agus torthaíocht shaintréithiúil fhíonta leathshúilíneacha agus leathshúilíneacha aeraithe 'Felső-Magyarország' a rianú siar go dtí an feiniméan nádúrtha ar leith sin agus go dtí na cineálacha fíniúna a fhástar ansin.

Gné choiteann d'fhíonta leathshúilíneacha 'Felső-Magyarország' is ea a gcumhracht úr, thorthaíoch, a chomhlánaítear le haigéadacht ghalánta. Is é an torthaíocht ar an mboladh agus an aigéadacht sa bhéal a thugann a gcastacht do na fíonta. D'ainneoin aigéadacht ard na bhfíonta, tá na haigéid aibí agus úr. Féadfaidh coipeadh tánaisteach – mar is amhlaidh le táirgeadh fíona shúilínigh – dea-bholaithe agus blasanna galánta, casta a tháirgeadh sna fíonta leathshúilíneacha.

8.4. *Fíon leathshúilíneach aeraithe*

Tuairisc ar an limistéar críochaithe

Is mar an gcéanna iad an tuairisc ar an limistéar críochaithe agus an tuairisc faoin gcatagóir fíona thuas. Maidir leis an bhfíon leathshúilíneach aeraithe, tá an nasc leis an limistéar geografach bunaithe ar shaintréith thorthaíoch úr na mbunfhíonta a ullmhaítear go cúramach agus ó tharla go gcuireann an dé-ocsaíd charbóin bhreise leis na cumhráin agus na blasanna.

Nasc idir an limistéar táirgeachta agus an táirge

Agus fíonta leathshúilíneacha aeraithe 'Felső-Magyarország' á dtáirgeadh, treisítear cumhráin agus blasanna na mbunfhíonta a ullmhaítear go cúramach trí dhé-ocsaíd charbóin a chur leo. Nochtann blaiseadh blasanna casta torthaíocha agus úra i bhfíonta geala agus fíonta *rosé*, ach i bhfíonta dearga comhlánaítear na blasanna sin le blas mín ceannasach.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Táirgeadh lasmuigh den limistéar táirgeachta críochaithe

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Cineál an cheanglais bhreise / an mhaolaithe breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Táirgeadh fhíon TGFC Felső-Magyarország / Felső-Magyarországi lasmuigh den limistéar críochaithe:

I bhfíonlanna atá cláraithe ag na pobail fíona i limistéar Bhúdaipeist agus sna contaetha seo a leanas: Bács-Kiskun, Fejér, Hajdú-Bihar, Jász-Nagykun-Szolnok, Komárom-Esztergom, Pest agus Szabolcs-Szatmár-Bereg. Tá teorainn ag an limistéar críochaithe leis na contaetha lena mbaineann agus le Búdaipeist.

Téarmaí srianta a fhéadfar a chur in iúl

Creat dlíthiúil:

Ón eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Má tá na téarmaí a liostaítear thíos le feiceáil ar an lipéad, féadfar na téarmaí srianta eile a shonrú.

Téarmaí a fhéadfar a shonrú le haghaidh fíona:

I gcás fíonta muskotály [muscfhíon]: ‘első szüret’ [an chéad bhuain], ‘virgin vintage’, ‘újbor’ [fíon nua], ‘primőr’ [*primeur*], ‘termőhelyen palackozva’ [arna bhuidéalú sa limistéir táirgeachta].

I gcás fíonta siller: ‘első szüret’ [an chéad bhuain], ‘virgin vintage’, ‘újbor’ [fíon nua], ‘primőr’ [primeur], ‘termőhelyen palackozva’ [arna bhuidéalú sa limistéir táirgeachta], ‘cuvée’, ‘küvé’.

I gcás fíonta *rosé*: ‘első szüret’ [an chéad bhuain], ‘virgin vintage’, ‘újbor’ [fíon nua], ‘primőr’ [primeur], ‘termőhelyen palackozva’ [arna bhuidéalú sa limistéir táirgeachta], ‘cuvée’, ‘küvé’.

I gcás fíonta geala: ‘barrique’, ‘fahordós érlelésű bor’ [fíon arna aoisiú i mbairillí adhmaid], ‘első szüret’ [an chéad bhuain], ‘virgin vintage’, ‘újbor’ [fíon nua], ‘primőr’ [*primeur*], ‘termőhelyen palackozva’ [arna bhuidéalú sa limistéir táirgeachta], ‘cuvée’, ‘küvé’, ‘jégbor’ [oighearfhíon].

I gcás fíonta dearga: ‘barrique’, ‘fahordós érlelésű bor’ [fíon arna aoisiú i mbairillí adhmaid], ‘első szüret’ [an chéad bhuain], ‘virgin vintage’, ‘újbor’ [fíon nua], ‘primőr’ [primeur], ‘termőhelyen palackozva’ [arna bhuidéalú sa limistéir táirgeachta], ‘cuvée’, ‘küvé’, ‘jégbor’ [oighearfhíon].

Téarmaí a fhéadfar a shonrú le haghaidh fíon súilíneach:

I gcás fíonta súilíneacha geala: ‘muskotály’ [muscfhíon], ‘első szüret’ [an chéad bhuaint], ‘termelői pezsgő’ [fíon súilíneach an tsaothraí], ‘cuvée’, ‘küvé’, ‘palackban erjesztet’ [coipthe i mbuidéal].

I gcás fíonta súilíneacha *rosé* agus dearga: ‘első szüret’ [an chéad bhuaint], ‘termelői pezsgő’ [fíon súilíneach an tsaothraí], ‘cuvée’, ‘küvé’, ‘palackban erjesztet’ [coipthe i mbuidéal].

Téarmaí a fhéadfar a shonrú le haghaidh fíon leathshúilíneach nó fíon leathshúilíneach aeraithe geal, *rosé* nó dearg: ‘első szüret’ [an chéad bhuain], ‘virgin vintage’, ‘újbor’ [fíon nua], ‘primőr’ [*primeur*], ‘termőhelyen palackozva’ [arna bhuidéalú sa limistéir táirgeachta], ‘cuvée’, ‘küvé’.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://boraszat.kormany.hu/admin/download/4/28/93000/Felso_Magyarorszag_eAmbrosia_AM3.pdf